# Aguisín 2:
# Cionta Gnéasacha Mar Atá Leagtha Amach San Acht Um Thús Áite do Leanaí 2015 [Arna Leasú I Gcuid 55] Den Acht um an Dlí Coiriúil, (Cionta Gnéasacha) 2017]

Leagtar amach cionta i Sceideal 3 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 chun críocha alt (a) den sainmhíniú ar 'dhrochúsáid ghnéasach' i gcuid 2 mar:

1) Éigniú.
2) Banéigean faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean)(Leasú), 1990.
3) Ionsaí gnéasach.
4) Tromionsaí gnéasach de réir bhrí alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990.
5) Cion faoi alt 1 den Acht um Pionós as Ciorrú Coil, 1908 (ciorrú coil a rinne fir).
6) Cion faoi alt 2 den Acht um Pionós as Ciorrú Coil, 1908 (ciorrú coil a rinne mná atá 17 mbliana d'aois nó os a chionn).
7) Cion faoi alt 6(1) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993 (sireadh nó tathant chun cion gnéasach a dhéanamh).
8) Cion faoi alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006 (leanbh atá faoi bhun 15 bliana d'aois a thruailliú).
9) Cion faoi alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006 (leanbh atá faoi bhun 17 mbliana d'aois a thruailliú).
    a) Cion faoi chuid 3A den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006 (cion a rinne duine i gceannas).
10) Cion faoi cheachtar de na forálacha seo a leanas den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht, 1998:
    a) alt 3 (gáinneáil ar leanaí agus leanbh a ghabháil, etc., chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh air nó uirthi);
    b) alt 4 (cead a thabhairt leanbh a úsáid le haghaidh pornagrafaíochta leanaí).
    c) cuid 4A (striapachas leanaí nó pornagrafaíocht leanaí a eagrú etc.);
    d) cuid 5A (rannpháirtíocht linbh i gcomhriachtain phornagrafaíochta).
11) Cion faoi alt 5 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008 a mhéid a bhaineann sé le leanbh ar a ndearnadh gáinneáil d'fhonn teacht i dtír a dhéanamh air nó uirthi (sireadh nó tathant d'fhonn striapach a dhéanamh de dhuine ar a ndearnadh gáinneáil).

12) Cion faoi alt 176 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 (leanaí a chur i mbaol go meargánta).

13) Cion faoi alt 249 d'Acht na Leanaí, 2001 (cion gnéasach ar leanbh a chur faoi deara nó a spreagadh).

14) Cion faoi aon cheann de na forálacha seo a leanas den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017:

    a) cuid 4 (tairiscint etc. ar thadhall gnéasach);

    b) cuid 5 (gníomhaíocht ghnéasach i dteannta linbh);

    c) cuid 6 (ag cur leanbh ag féachaint ar ghníomhaíocht ghnéasach);

    d) cuid 8 (úsáid as faisnéis agus as teicneolaíocht chumarsáideach chun éascaíocht a dhéanamh ar dhúshaothrú ar leanbh).